# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 41

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 65

22 Feabhra 2022


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/244 ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear méid an chorrlaigh iomláin chun an "corrlach imréitigh ar leith" den K-fhachtóir (K-CMG) a ríomh** ([1]) ........ 1

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/245 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a mhéid a bhaineann leis na bearta tionlacain oideachais agus roghnú agus formheas na n-iarratasóirí ar chabhair** ........ 5

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/246 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chabhair, íocaíocht ar an gcabhair agus seiceálacha ar an láthair** ........ 8

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/247 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí maidir le feithiclí nua tromshaothair a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit agus ag monaróirí orthu agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta tuairiscithe** ([1]) ........ 11

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/248 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2022 lena gcláraítear tásc geografach dí biotáille faoi Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is é sin, "Pregler"/"Osttiroler Pregler"** ........ 14

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/249 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha maidir leis an Ríocht Aontaithe sna liostaí de thríú tíortha óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éanlaith géim a theacht isteach san Aontas** ([1]) ........ 16


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/250 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach nua a chur leis le haghaidh ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair teacht isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis an liosta de thríú tíortha óna n-údaraítear d'ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair teacht isteach san Aontas** ([1]) ................................ 19

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2022/251 ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia** ........................................................................ 31

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/252 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 chun na ceanglais tástála a shonrú atá le cur i bhfeidhm maidir le mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta atá comhtháite sa chásáil tras-seolta agus atá cumaiscthe le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC** ([1]) ..................................................... 33

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Moladh Uimh. 1/2022 ó Chomhchoiste AE-Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne an 31 Eanáir 2022 lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne [2022/253]** ........................................................................................................ 36

---

**Ceartúcháin**

★ **Ceartúchán ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn** (IO L 328, 21.12.2018) ...... 37

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/244 ÓN gCOIMISIÚN

**an 24 Meán Fómhair 2021**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear méid an chorrlaigh iomláin chun an "corrlach imréitigh ar leith" den K-fhachtóir (K-CMG) a ríomh**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(3), an tríú fomhír,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun críocha mhéid "an chorrlaigh iomláin is gá" a shonrú, dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, agus chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú i ndáil lena chomhpháirteanna, ba cheart a shoiléiriú go n-áirítear i méid an chorrlaigh iomláin is gá aon chomhthaobhacht is gá ag an gcomhalta imréitigh i gcomhréir lena shamhail chorrlaigh.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, úsáidtear an corrlach iomlán is gá ar bhonn laethúil le haghaidh K-CMG a ríomh. I gcás ina mionathraíonn comhaltaí imréitigh an corrlach is gá ina leith laistigh de 1 lá amháin, fágann sé sin go ndéantar níos mó ná glao amháin ar chorrlach ar an lá céanna. Chun éiginnteacht faoi cé acu de na ceanglais chorrlaigh is ceart a úsáid agus ós rud é go bhfuil an tríú méid is airde le linn tréimhse 3 mhí le húsáid chun K-CMG a ríomh, is gá a shonrú gur cheart an méid corrlaigh laethúil a bheith ar an gcorrlach is airde as na ceanglais chorrlaigh ar lá áirithe.

(3) Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta seirbhísí imréitigh na gcomhaltaí imréitigh a úsáid. I gcás suíomhanna a gcuirfear K-CMG i bhfeidhm ina leith, ba cheart go mbeadh cinneadh mhéid an chorrlaigh iomláin a éilítear ón ngnólacht infheistíochta cuimsitheach agus an corrlach iomlán a éilíonn gach comhalta imréitigh san áireamh. Dá bhrí sin, i gcás ina n-úsáideann gnólacht infheistíochta K-CMG le haghaidh suíomhanna atá faoi réir imréitigh ag roinnt comhaltaí imréitigh, ba cheart CMG a ríomh mar shuim na gcorrlach is gá ar fud na gcomhaltaí imréitigh go léir. Ba cheart do ghnólacht infheistíochta, dá réir sin, méid iomlán laethúil an chorrlaigh is gá a ríomh mar shuim an chorrlaigh iomláin a éilíonn gach comhalta imréitigh, sula gcinneann sé an tríú méid is airde de na corrlaigh iomlána ar bhonn laethúil mar a cheanglaítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033.

([1]) IO L 314, 5.12.2019, lch. 1.

(4) Maidir le cur chun feidhme K-CMG ar bhonn punainne, i gcás ina bhfuil an phunann uile faoi réir imréitigh nó déanamh corrlaigh, ní mór na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is féidir úsáid a bhaint as K-CMG i leith phunann na suíomhanna imréitithe atá sannta do dheasc thrádála amháin, agus ag an am céanna, is féidir úsáid a bhaint as an K-fhachtóir "suíomh an ghlanriosca" (K-NPR) i leith phunann na suíomhanna imréitithe atá sannta do dheasc thrádála eile. Chun arbatráiste a sheachaint, ba cheart úsáid K-CMG agus K-NPR ar fud na ndeasc trádála a bheith chomhsheasmhach. Dá bhrí sin, ba cheart an cur chuige céanna a úsáid le haghaidh deasca trádála atá chomhchosúil ó thaobh straitéis ghnó agus suíomhanna leabhair trádála de.

(5) Chun críocha an mheasúnaithe faoi Airteagal 23(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2019/2033, ba cheart é a bheith ina cheangal ar an údarás inniúil measúnú a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil an cur chuige K-CMG iomchuí sa mhéid go léiríonn sé próifíl riosca shuíomhanna leabhair trádála an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart é a bheith ina cheangal ar ghnólacht infheistíochta comparáid a dhéanamh go rialta idir a fhéinmheasúnú riosca agus na corrlaigh arna n-éileamh ag comhaltaí imréitigh, chun críche measúnú a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil na corrlaigh sin ina dtáscaire maith go fóill ar leibhéal an riosca do mhargadh an ghnólachta infheistíochta. Ag pointe an mheasúnaithe ag an údarás inniúil, ba cheart go ndéanfadh an gnólacht infheistíochta comparáid idir na ceanglais chaipitil faoi K-NPR agus K-CMG agus ba cheart dó a bheith in ann bonn cirt a thabhairt faoin difear idir na ceanglais chaipitil sin don údarás inniúil. Níor cheart go mbeadh measúnú an údaráis inniúil dearfach ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin go léir. Go háirithe, ba cheart don údarás inniúil a áirithiú go bhfuil an gnólacht infheistíochta in ann faireachán a dhéanamh agus bonn cirt a thabhairt i dtaobh an difir idir an toradh ar an dá mhodheolaíocht, K-NPR agus K-CMG, go háirithe i gcás athrúcháin mhóra ar na corrlaigh is gá.

(6) Is táscaire láidir é má athraítear idir úsáid K-NPR agus K-CMG go rímhinic d'úsáid fhéideartha dhíréireach nó neamhfhónta na gceanglas cistí dílse. Is féidir cosc a chur ar arbatráiste rialála trí shrian a chur le minicíocht na n-athruithe ar shuíomhanna idir úsáid K-NPR agus K-CMG. Bheadh ceanglas chun úsáid leanúnach a bhaint as ceann den dá mhodh le haghaidh deasc thrádála ar feadh 2 bhliain ar a laghad comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar riosca an arbatráiste rialála. I gcásanna eisceachtúla (athstruchtúrú gnólachta m.sh), áfach, i gcás ina n-athraíonn deasc thrádála a mhéid gur féidir í a mheas mar dheasc thrádála éagsúil, ba cheart don údarás inniúil cead a thabhairt do ghnólacht infheistíochta modhanna a athrú laistigh den tréimhse 2 bhliain sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

(8) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe; tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ríomh mhéid an chorrlaigh iomláin is gá**

1. Méid an chorrlaigh iomláin dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 a bheidh i méid na comhthaobhachta is gá ina gcuimsítear an corrlach tosaigh, corrlaigh athrúcháin agus comhthaobhacht eile, mar a cheanglaítear ag an gcomhalta imréitigh bunaithe ar shamhail chorrlaigh an ghnólachta infheistíochta le haghaidh na ndeasc trádála faoi réir K-CMG. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallóidh "deasc thrádála" deasc thrádála mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (144), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

2. I gcás nach ndéanann comhalta imréitigh idirdhealú idir corrlaigh a cheanglaítear le haghaidh na deisce trádála atá faoi réir K-CMG agus corrlaigh a cheanglaítear le haghaidh deasca trádála eile, measfaidh an gnólacht infheistíochta méid iomlán na gcorrlach a cheanglaítear le haghaidh na ndeasc trádála mar chorrlaigh faoi mhír 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

3. Ní mheastar mar chorrlaigh faoi mhír 1 na táillí a íocann gnólacht infheistíochta leis an gcomhalta imréitigh as úsáid a bhaint as na seirbhísí comhalta imréitigh.

4. I gcás ina ndéanann an comhalta imréitigh nuachóiriú ar an gcorrlach iomlán is gá níos minice ná uair amháin sa lá, is é an corrlach iomlán is gá ar an lá sin an méid is airde de mhéideanna na gcorrlach iomlán arna n-éileamh ag an gcomhalta imréitigh le linn an lae sin.

5. I gcás ina mbaineann an gnólacht infheistíochta úsáid as na seirbhísí de chuid níos mó ná comhalta imréitigh amháin le haghaidh na ndeasc trádála faoi réir K-CMG, ríomhfar méid an chorrlaigh iomláin dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 ar bhonn laethúil trí shuimiú mhéideanna na gcorrlach a éilíonn gach comhalta imréitigh faoi mar a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 2*

**Cosc arbatráiste**

1. Déanfar an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 23(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2019/2033 a chomhlíonadh i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás ina ríomhann an gnólacht infheistíochta na ceanglais chaipitil K-CMG ar phunann suíomhanna imréitithe arna sannadh do dheasc thrádála amháin, cuireann sé an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm i leith shuíomhanna uile na deisce trádála sin ar feadh tréimhse leanúnach 24 mhí ar a laghad, é sin nó tá athrú chomh suntasach sin tagtha ar straitéis ghnó nó oibríochtaí ghrúpa déileálaithe na deisce trádála sin gur féidir iad a mheas mar dheasc thrádála eile;

(b) úsáideann an gnólacht infheistíochta K-CMG go comhsheasmhach ar fud deasca trádála atá chomhchosúil ó thaobh straitéis ghnó agus suíomhanna leabhair trádála de;

(c) tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ngnólacht infheistíochta lena dtaispeántar go léireodh rogha na punainne/na bpunann faoi réir K-CMG rioscaí shuíomhanna leabhair trádála gnólachta infheistíochta, lena n-áirítear na tréimhsí sealbhaíochta ionchasacha, na straitéisí trádála arna gcur i bhfeidhm agus an t-am a d'fhéadfadh a bheith i gceist chun rioscaí a shuíomhanna leabhair trádála a fhálú nó a bhainistiú;

(d) tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an ngnólacht infheistíochta trína gcuirtear ar a cumas comparáid a dhéanamh idir na ceanglais chaipitil a ríomhtar ar bhonn K-CMG agus na ceanglais chaipitil a ríomhtar ar bhonn K-NPR agus chun réasúnaíocht leordhóthanach a dhéanamh ar aon difríocht eatarthu agus na fachtóirí a leagtar amach i mír 2 i ngach ceann de na cásanna seo a leanas á gcur san áireamh:

   (i) i gcás ina spreagann athrú ar straitéis ghnó deisce trádála athrú 20 % nó níos mó ar cheanglais chaipitil na deisce trádála sin bunaithe ar chur chuige K-CMG;

   (ii) i gcás ina spreagann athrú ar shamhail chorrlaigh an chomhalta imréitigh athrú 10 % nó níos mó ar na corrlaigh is gá 10 % i leith na punainne céanna suíomhanna foluiteacha deisce trádála;

(e) baineann an gnólacht infheistíochta úsáid as toradh ríomh K-CMG ina chreat bainistíochta riosca agus cuireann sé torthaí a fhéinmheasúnaithe riosca i gcomparáid go rialta leis na corrlaigh arna n-éileamh ag comhaltaí imréitigh;

(f) chuir an gnólacht infheistíochta na ceanglais chaipitil a ríomhtar trí K-CMG i gcomparáid leis na ceanglais chaipitil a ríomhtar trí K-NPR le haghaidh gach deisce trádála ag pointe mheasúnú an údaráis inniúil agus thug sé bonn cirt maidir le haon difríocht eatarthu ar fáil don údarás inniúil, agus na fachtóirí a leagtar amach i mír 2 curtha san áireamh.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (d) agus pointe (f), cuirfidh an t-údarás inniúil na fachtóirí seo a leanas san áireamh chun measúnú a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt leis an difríocht i gceanglais chaipitil a ríomhtar agus K-CMG agus K-NPR á fheidhmiú:

(a) an tagairt do na straitéisí trádála ábhartha;

(b) creat bainistíochta riosca dílis an ghnólachta infheistíochta;

(c) leibhéal cheanglais cistí dílse an ghnólachta infheistíochta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033;

(d) torthaí na maoirseachta stuamachta agus an phróisis meastóireachta, má tá siad ar fáil.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/245 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a mhéid a bhaineann leis na bearta tionlacain oideachais agus roghnú agus formheas na n-iarratasóirí ar chabhair**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht de chuid na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 24(1), pointí (b) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear coinníollacha maidir le dearadh agus cur chun feidhme na mbeart tionlacain oideachais a sholáthróidh na Ballstáit de bhun Airteagal 23(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí liosta neamh-uileghabhálach a leagan síos de ghníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh mar chuid de na bearta tionlacain oideachais faoin scéim scoile, lena n-áirítear i gcás nach n-iarrtar aon chabhair ón Aontas. Is iomchuí freisin a shoiléiriú, chun go mbeidh an scéim scoile éifeachtach, gur cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbainfear amach gach páiste atá rannpháirteach sa scéim scoile leis na bearta tionlacain oideachais a fhoráiltear chun tacú le dáileadh torthaí, glasraí agus bainne scoile. Tá an ceanglas sin gan dochar don neamhspleáchas a thugtar do na forais oideachais laistigh de na Ballstáit, i gcomhréir le leithdháileadh na n-inniúlachtaí agus i gcomhréir leis an straitéis maidir le cur chun feidhme na scéime scoile sna Ballstáit lena mbaineann.

(2) Le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40, bunaítear na coinníollacha ginearálta maidir le hiarratasóirí ar chabhair a roghnú. Agus iarratasóirí ar chabhair á roghnú, féadfaidh na Ballstáit, agus iad ag gníomhú ar an leibhéil náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, a bheith faoi réir rialacha soláthair phoiblí náisiúnta nó rialacha soláthair phoiblí an Aontais. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart do na Ballstáit comhlíontacht leis na rialacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40, sonraítear na coinníollacha maidir le hiarratasóirí ar chabhair a fhormheas, agus na gealltanais i scríbhinn is gá do na hiarratasóirí a dhéanamh á leagan síos. Leagtar síos le mír 2 den Airteagal sin na gealltanais bhreise i scríbhinn is gá a dhéanamh i gcás iarratais ar chabhair nach mbaineann ach le soláthar agus/nó le dáileadh táirgí. Tá na gealltanais sin ábhartha freisin, áfach, i gcás ina gcomhcheanglaíonn na hiarratais ar chabhair soláthar agus/nó dáileadh táirgí den soláthar beart oideachais. Le mír 3 den Airteagal sin, tagraítear d'iarratais ar chabhair nach mbaineann ach le bearta tionlacain oideachais amháin. Léirítear inti go bhféadfaidh údaráis inniúla aon ghealltanas breise i scríbhinn is gá d'iarratasóirí ar chabhair a dhéanamh a shonrú. Ba cheart go mbeadh sé sin ar fáil do gach iarratasóir ar chabhair, áfach. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 6 den Rialachán sin a leasú dá réir. D'fhonn am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit na nósanna imeachta a leasú maidir le hiarratasóirí ar chabhair a fhormheas, is iomchuí foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag an leasú ar na coinníollacha maidir le hiarratasóirí ar chabhair a fhormheas ach amháin ón scoilbhliain 2022/2023 ar aghaidh.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 a leasú dá réir,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cabhair ón Aontas i leith soláthar torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne i bhforais oideachais agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún (IO L 5, 10.1.2017, lch. 11).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

"1. Beidh baint dhíreach ag na bearta tionlacain oideachais dá dtagraítear in Airteagal 23(10) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/213 le cuspóirí na scéime scoile caitheamh táirgí talmhaíochta ar leith a mhéadú agus réimeanna bia níos sláintiúla a chothú.

Beidh siad dírithe ar pháistí a athcheangal den talmhaíocht agus d'éagsúlacht táirgí talmhaíochta an Aontais, go háirithe iad siúd a tháirgtear ina réigiún féin, agus ar oideachas a chur ar pháistí maidir le nithe gaolmhara, amhail nósanna itheacháin sláintiúla agus a dtionchar ar an tsláinte phoiblí, moltaí cothaithe náisiúnta, biashlabhraí áitiúla, feirmeoireacht orgánach, táirgeacht agus caitheamh inbhuanaithe bia agus dul i ngleic le cur amú bia, agus féadfar na gníomhaíochtaí seo a leanas a áireamh iontu:

(a) cuairteanna ar fheirmeacha, líonraí úllord, eagraíochtaí táirgeoirí, aonaid próiseála déiríochta, margaí feirmeoirí, sórtáil agus pacáistíocht torthaí agus glasraí i stóras, músaeim thalmhaíochta agus gníomhaíochtaí eile den chineál céanna;

(b) gairdíní agus úlloird scoile a chur ar bun agus a chothabháil;

(c) ullmhúchán bia, ranganna cócaireachta agus blaiste, ceardlanna, saotharlanna agus gníomhaíochtaí eile den chineál céanna;

(d) ceachtanna, seimineáir, comhdhálacha, ceardlanna agus gníomhaíochtaí eile den chineál céanna;

(e) ábhair teagaisc, comórtais, cluichí, tráthanna na gceist oideachasúla, laethanta nó seachtainí téamacha agus gníomhaíochtaí eile den chineál céanna.

Sa chás go n-áirítear táirgí talmhaíochta sna bearta tionlacain oideachais seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 23(3), (4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, déanfar foráil sna bearta maidir leis na táirgí eile sin a bhlaiseadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le gach páiste atá rannpháirteach sa scéim scoile leas a bhaint as na bearta tionlacain oideachais.

I gcás ina ndéantar foráil maidir le bearta oideachais a bhfuil baint dhíreach acu le cuspóirí na scéime scoile sna forais oideachais mar chuid den ghnáthchuraclam scoile nó mar chuid de bheartais nó cláir eile, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh iad a chur san áireamh chun críoch fhomhír 1.

Féadfar na bearta tionlacain oideachais a cheapadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil nó ar leibhéal an fhorais oideachais, de réir leithdháileadh inniúlachtaí na mBallstát agus de réir straitéis chur chun feidhme na scéime scoile. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na forais oideachais a bheidh rannpháirteach sa scéim ar an eolas go cuí maidir leis an gcóras atá ar bun i leith na mbeart tionlacain oideachais agus i leith na n-ábhar agus na n-uirlisí atá ar fáil."

(2) in Airteagal 5(2), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Agus iarratasóirí ar chabhair á roghnú, áiritheoidh na Ballstáit comhlíontacht maidir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear rialacha maidir le soláthar poiblí.";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

"*Airteagal 6*

**Coinníollacha maidir le hiarratasóirí ar chabhair a fhormheas**

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an foras oideachais dá sholáthraítear agus/nó ar a ndáiltear na táirgí na hiarratasóirí ar chabhair a fhormheas. Beidh an formheas faoi réir na ngealltanas i scríbhinn seo a leanas arna ndéanamh ag na hiarratasóirí:

(a) chun a áirithiú go gcuirfear na táirgí arna maoiniú ag an Aontas faoin scéim scoile ar fáil lena gcaitheamh ag na páistí san fhoras oideachais nó sna forais oideachais a ndéanfaidh siad iarratas ar chabhair ina leith;

(b) chun an chabhair a leithdháiltear a úsáid le haghaidh bearta tionlacain oideachais, faireachán, meastóireacht agus bearta poiblíochta, i gcomhréir le cuspóirí na scéime scoile agus, i gcás ina mbaineann bearta tionlacain oideachais le hábhair sláinte agus cothaithe, i gcomhréir le comhairle sláinte náisiúnta agus le moltaí cothaithe maidir leis an aoisghrúpa lena mbaineann;

(c) chun aon chabhair a íocadh go mícheart a aisíoc maidir leis na cainníochtaí lena mbaineann, más rud é go bhfuarthas amach nár dáileadh na táirgí ar na páistí nó más rud é nach raibh na táirgí incháilithe le haghaidh cabhair ón Aontas;

(d) chun aon chabhair a íocadh go mícheart a aisíoc maidir le bearta tionlacain oideachais, faireachán, meastóireacht, agus bearta poiblíochta, más rud é go bhfuarthas amach nach ndearnadh na bearta nó na gníomhaíochtaí sin mar is ceart;

(e) chun doiciméid tacaíochta a chur ar fáil don údarás inniúil arna n-iarraidh;

(f) chun a cheadú don údarás inniúil aon seiceáil is gá a dhéanamh, go háirithe taifid a ghrinnscrúdú agus cigireacht fhisiceach;

(g) chun taifead a choinneáil ar ainmneacha agus ar sheoltaí na bhforas oideachais nó na n-údarás oideachais a fhaigheann a dtáirgí agus taifead a choinneáil ar na cainníochtaí de na táirgí sonracha a dhíoltar nó a sholáthraítear, i gcás nach foras oideachais an t-iarratasóir.

Féadfaidh údaráis inniúla aon ghealltanas breise i scríbhinn is gá d'iarratasóirí a dhéanamh a shonrú.

I gcás ina mbaineann iarratais ar chabhair le gníomhaíochtaí atá faoi réir nósanna imeachtaí soláthair phoiblí, féadfaidh na Ballstáit a mheas go ndearnadh an formheas i gcás go n-áirítear na gealltanais a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír sna coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta sna nósanna imeachtaí soláthair phoiblí.

2. I gcás iarratasóirí ar chabhair nach mbaineann ach le soláthar agus/nó le dáileadh táirgí, ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (b) nó (d) maidir leo.

3. I gcás iarratasóirí ar chabhair nach mbaineann ach le bearta tionlacain oideachais, ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a), (c) nó (g) maidir leo.

4. I gcás iarratasóirí ar chabhair nach mbaineann ach le faireachán, meastóireacht agus bearta poiblíochta, ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (a) (c) nó (g) maidir leo.

5. Na hiarratais arna bhformheas faoin scéim scoile maidir le torthaí agus glasraí i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/247 agus/nó faoin scéim scoile bainne de réir Rialachán (CE) Uimh. 657/2008, féadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil siad bailí mura n-athraítear na critéir ná na coinníollacha.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3) maidir le cabhair ón scoilbhliain 2022/2023 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/246 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Nollaig 2021

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chabhair, íocaíocht ar an gcabhair agus seiceálacha ar an láthair

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 25, pointe (b), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 62(2), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le hAirteagal 4(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún ([3]) gur gá tacú leis na méideanna arna n-éileamh sna hiarratais ar chabhair le fianaise dhoiciméadach lena léirítear praghas na dtáirgí, an ábhair nó na seirbhísí arna soláthar mar aon le hadmháil nó cruthúnas ar íocaíocht nó a gcoibhéis. Níl tábhacht le praghas an táirge, an ábhair nó na seirbhíse i gcás ina n-úsáidtear rogha costas simplithe, agus níl sé comhsheasmhach leis na cuspóirí maidir le simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin i leith roghanna costas simplithe. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais eile a leagan síos maidir le córais bunaithe ar chostas nó roghanna costas simplithe.

(2) Le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, leagtar síos na coinníollacha i leith íocaíocht ar an gcabhair. Áirítear san fhianaise dhoiciméadach atá ag teastáil, i gcás roghanna costas simplithe, cruthúnas ar íocaíocht ar na táirgí a sholáthraítear agus/nó a dháiltear agus ar an ábhar nó na seirbhísí a sholáthraítear faoi na bearta tionlacain oideachais, faireachán, agus na gníomhaíochtaí meastóireachta agus poiblíochta. Níl an fhianaise dhoiciméadach sin ag teastáil i gcás córais bunaithe ar chostas, áfach. Léiríodh sa taithí a fuarthas nach bhfuil ceanglas den sórt cuí i dtaobh íocaíocht ar an gcabhair, gan beann ar cibé acu an úsáidtear córas bunaithe ar chostas nó rogha costas simplithe, agus nach bhfuil sé comhsheasmhach leis na cuspóirí maidir le simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin trí roghanna costas simplithe. Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas sin a bhaint.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, i gcás cabhair a ndearnadh iarratas ina leith maidir le soláthar agus dáileadh táirgí agus bearta tionlacain oideachais, tá na seiceálacha riaracháin le forlíonadh le seiceálacha ar an láthair. Le hAirteagal 10(1) den Rialachán sin, leagtar síos liosta neamh-uileghabhálach fíoruithe atá le háireamh sna seiceálacha ar an láthair i gcás cabhair maidir le soláthar agus dáileadh táirgí. I bhfianaise na taithí a fuarthas, agus ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an liosta neamh-uileghabhálach fíoruithe sin atá le déanamh a chomhlánú, le haghaidh seiceálacha ar an láthair i gcás cabhair a chuirtear i bhfeidhm i gcomhair soláthar agus dáileadh táirgí mar aon le bearta tionlacain oideachais.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a leasú dá réir.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachas (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Sonróidh na Ballstáit na doiciméid a chuirfear isteach mar thaca le hiarratais ar chabhair. Tacófar leis na méideanna arna n-éileamh sna hiarratais ar chabhair le fianaise dhoiciméadach lena léirítear an méid seo a leanas:

(a) praghas na dtáirgí, an ábhair nó na seirbhíse a sholáthraítear mar aon le hadmháil nó cruthúnas ar íocaíocht nó a gcoibhéis; nó

(b) i gcás ina n-údaróidh an Ballstát úsáid scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid, maoiniú ar ráta comhréidh agus/nó cnapshuimeanna, go ndearnadh na cainníochtaí a sholáthar agus/nó a dháileadh chun críoch na scéime scoile.";

(2) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) i gcás ina n-údaróidh na Ballstáit úsáid scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid, maoiniú ar ráta comhréidh agus/nó cnapshuimeanna, ar an bhfianaise a thíolacadh go ndearnadh na cainníochtaí a sholáthar agus/nó a dháileadh chun críoch na scéime scoile.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir le cabhair a bhaineann le bearta tionlacain oideachais, faireachán, meastóireacht agus poiblíocht, ní íocfar aisti ach ar sholáthar an ábhair nó na seirbhísí lena mbaineann agus ar an bhfianaise dhoiciméadach ábhartha atá ag teastáil ón údarás inniúil a chur isteach nó, i gcás ina n-údaróidh na Ballstáit úsáid scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid, maoiniú ar ráta comhréidh agus/nó cnapshuimeanna, ar an bhfianaise a chur isteach go ndearnadh an t-ábhar nó na seirbhísí a sholáthar.";

(3) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Fíorófar leis na seiceálacha ar an láthair na nithe seo a leanas, go háirithe:

(a) na taifid dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40, trí chomhthacaíocht agus comhlánú a dhéanamh ar na seiceálacha riaracháin leis an doiciméadacht ábhartha lena n-áirítear doiciméid airgeadais amhail sonraisc dhíolacháin agus cheannaigh, nótaí seachadta, asbhaintí as an mbanc nó cruthúnas eile ar íocaíocht agus a dtaifead sa chuntasaíocht;

(b) tá úsáid na dtáirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 agus leis an Rialachán seo;

(c) cur chun feidhme bearta tionlacain oideachais chun tacú le dáileadh táirgí, i gcás ina ndéantar seiceálacha ar an láthair in áitreabh an fhorais oideachais nó i gcás ina mbaineann an tseiceáil ar an láthair le cabhair arna héileamh a bhaineann le bearta tionlacain oideachais;

(d) úsáid uirlisí poiblíochta oiriúnacha, i gcás ina ndéantar an tseiceáil ar an láthair in áitreabh an fhorais oideachais.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/247 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na sonraí maidir le feithiclí nua tromshaothair a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit agus ag monaróirí orthu agus a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta tuairiscithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1)(a) agus (d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 na sonraí a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh ag na Ballstáit orthu maidir le feithiclí tromshaothair nua a chláraítear den chéad uair san Aontas.

(2) Chun foráil a dhéanamh maidir le hanailís chríochnúil i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/956, ba cheart do na Ballstáit faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí lenar féidir cumraíocht acastóirí feithicle na bhfeithiclí tuairiscithe a chinneadh ar bhonn líon na n-acastóirí tiomána. Cláraítear sonraí den sórt sin in iontráil 3 de dheimhniú comhréireachta feithicle nuachláraithe tromshaothair.

(3) Leis an bhfaisnéis sin, d'fhágfaí go mbeadh an Coimisiún in ann feithiclí a thagann faoi raon feidhme na sonraí arna dtuairisciú ag na monaróirí de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/956 a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit gan malartuithe breise leis na monaróirí a bheith riachtanach.

(4) Bunaithe ar an taithí a fuarthas tríd an tuarascáil a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 10 le haghaidh thréimhse thuairiscithe na bliana 2019 agus chun anailís chríochnúil a dhéanamh ar na sonraí a thuairisceofar sna blianta atá le teacht, is gá do na monaróirí sonraí sonracha a thuairisciú maidir le hiompraíocht comhpháirteanna aonair feithicle le linn thréimhse na huirlise ionsamhlúcháin, mar atá taifeadta sa chomhad "sum exec data file".

(5) Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 an nós imeachta faireacháin agus tuairiscithe.

(6) Bunaithe ar an taithí a fuarthas trí Rialachán (AE) 2018/956 a chur i bhfeidhm, ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil struchtúr agus saintréith na mbunachar sonraí a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus níor cheart go mbeadh sí faoi cheangal ag cinntí teicniúla sonracha. Ba cheart ainmneacha tuairisciúla na mbunachar sonraí a bhaint d'Iarscríbhinn II dá bhrí sin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/956 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/956**

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 173, 9.7.2018, lch. 1.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/956 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear isteach an pointe (p) seo a leanas:

"(p) maidir le feithiclí arna gclárú ón 1 Iúil 2021, líon na n-acastóirí tiomána, mar a shonraítear in iontráil 3 den deimhniú comhréireachta.";

(b) i gCuid B, pointe 2, leasaítear an tábla mar a leanas:

(i) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| "102 | Maidir le feithiclí a bhfuil dáta ionsamhlúcháin acu ón 1 Iúil 2021, an comhad luachanna camógdheighilte a bhfuil an t-ainm céanna air agus atá ar an gcomhad poist agus ar a bhfuil iarmhír .vsum arb é atá ann na torthaí comhiomlánaithe in aghaidh na próifíle misin ionsamhailte agus choinníoll an phálasta (10) | Comhad arna ghiniúint ag an uirlis ionsamhlúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/2400 ina leagan ina bhfuil comhéadan grafach úsáideora (GUI) | 'sum exec data file'"; |

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad nóta 10:

"(10) Ní chuirfear an iontráil seo ar fáil go poiblí sa Chlár Lárnach maidir le feithiclí tromshaothair."

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe 1.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1.1. Is pointe teagmhála an údaráis inniúil a dhéanfaidh na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn I, Cuid A, a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 4 trí mheán aistriú sonraí leictreonacha chuig an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil ('An Ghníomhaireacht').";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1(c):

"(c) an pointe teagmhála atá freagrach as na sonraí a tharchur chuig an nGníomhaireacht.";

(c) i bpointe 2.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"2.3. Déanfaidh pointe teagmhála an mhonaróra na sonraí a shonraítear i gCuid B, pointe 2, d'Iarscríbhinn I a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 5(1) trí mheán aistriú sonraí leictreonacha chuig an nGníomhaireacht.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.3:

"3.3. I gcás ina n-aithníonn údarás inniúil nó monaróir earráidí sna sonraí a cuireadh isteach, tabharfaidh siad fógra faoin méid sin don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht gan mhoill trí fhógra tuairisce earráide a chur chuig an nGníomhaireacht, agus trí ríomhphost a sheoladh chuig na seoltaí dá dtagraítear i bpointe 1.1.".

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/248 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15 Feabhra 2022**

**lena gcláraítear tásc geografach dí biotáille faoi Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is é sin, "Pregler"/"Osttiroler Pregler"**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáille, úsáid ainmneacha deochanna biotáille i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáille, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hOstaire an 7 Meitheamh 2019 maidir le clárú "Pregler"/"Osttiroler Pregler" mar thásc geografach.

(2) Rialachán (AE) 2019/787 a thagann in ionad Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, tháinig sé i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2019. I gcomhréir le hAirteagal 49(1) den Rialachán sin, déantar Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, maidir le tásca geografacha, a aisghairm le héifeacht ón 8 Meitheamh 2019.

(3) Ar chinneadh don Choimisiún go bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, d'fhoilsigh sé príomhshonraíochtaí an chomhaid theicniúil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) faoi mar a fhoráiltear le hAirteagal 17(6) den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 50(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/787.

(4) Níor tugadh aon fhógra freasúra don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2019/787.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm "Pregler"/"Osttiroler Pregler" a chlárú mar thásc geografach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an tásc geografach "Pregler"/"Osttiroler Pregler" cláraithe. I gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán (AE) 2019/787, an chosaint dá dtagraítear in Airteagal 21 den Rialachán sin, deonaítear leis an Rialachán seo í don tásc geografach "Pregler"/"Osttiroler Pregler".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

([3]) IO C 430, 25.10.2021, lch. 14.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/249 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha maidir leis an Ríocht Aontaithe sna liostaí de thríú tíortha óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éanlaith géim a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna nó de dheighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.

(4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éanlaith géim a theacht isteach san Aontas.

(5) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Bishop's Waltham, Winchester, Hampshire, Sasana, agus deimhníodh í an 4 Feabhra 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú.

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(7) Tá faisnéis curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe chuig an gCoimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éanlaith géim a theacht isteach san Aontas ó na ceantair atá faoi shrianta a leagann údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe síos.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(9) Tríd an staid eipidéimeolaíoch reatha sa Ríocht Aontaithe a chur san áireamh maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró le haghaidh chrios GB-2.96 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.95:

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| “**GB** an Ríocht Aontaithe | GB-2.96 | Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh | BPP | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla | BPR | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh | SP | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | SR | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Sicíní lae seachas raitítigh | DOC | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Sicíní lae raitíteach | DOR | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh | POU-LT20 | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh | HEP | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Uibheacha goir ó raitítigh | HER | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Níos lú ná 20 cloigeann d’éanlaith chlóis seachas raitítigh | HE-LT20 | N, P1 | | 4.2.2022” | |

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc ar chrios GB-2.96 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.95:

| | | |
|---|---|---|
| “**GB** an Ríocht Aontaithe | GB-2.96 | Gar do Bishop’s Waltham, Winchester, Hampshire, Sasana.<br>An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N51,00 agus W1,24” |

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró le haghaidh chrios GB-2.96 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.95:

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| “**GB** an Ríocht Aontaithe | GB-2.96 | Feoil úr ó éanlaith chlóis seachas raitítigh | POU | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Feoil úr ó raitítigh | RAT | N, P1 | | 4.2.2022 | |
| | | Feoil úr ó éanlaith géim | GBM | N, P1 | | 4.2.2022” | |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/250 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach nua a chur leis le haghaidh ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair teacht isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis an liosta de thríú tíortha óna n-údaraítear d'ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair teacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1), Airteagal 238(3) agus Airteagal 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]) agus go háirithe Airteagal 90, an chéad fhomhír, pointe (a) agus pointe (c), agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429 agus maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla ar bhonn Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625, rudaí is gá maidir le teacht isteach san Aontas ainmhithe talún. Go háirithe, na deimhnithe sláinte ainmhithe agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla atá le húsáid maidir le teacht isteach san Aontas catagóirí áirithe crúbach, déantar foráil in Airteagal 14 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin go gcomhfreagróidh siad do dheimhnithe caighdeánacha áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis. Tagraíonn an tAirteagal sin, *inter alia*, don deimhniú caighdeánach "OV/CAP-X", rud a leagtar amach i gCaibidil 4 den Iarscríbhinn sin, agus nach mór a úsáid maidir le ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([4]), bunaítear na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([5]) teacht isteach san Aontas. Go háirithe, déantar tagairt in Airteagal 3 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin do Chuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis ina leagtar amach an liosta de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear crúbacha teacht isteach san Aontas.

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (TSEnna) a chosc in ainmhithe. Go sonrach, leagtar síos le Caibidil E d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin na riachtanais le haghaidh allmhairiú ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair isteach san Aontas.

(4) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (An Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625, agus ag na gníomhartha ón gCoimisiún a bhunaítear orthu, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Dá réir sin, tá ainmhithe beo a sheoltar ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann faoi réir an chórais is infheidhme maidir le hallmhairí ó aon tríú tír.

(5) Le Rialachán (AE) 2022/175 ([7]), leasaíodh na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 maidir le teacht isteach san Aontas ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a phórú, lena gceadaítear, go dtí an 31 Nollaig 2024, teacht isteach na n-ainmhithe sin i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór nuair a thagann siad ó ghabháltais sa Bhreatain Mhór atá ag gabháil don phróiseas 3 bliana chun stádas a bhaint amach mar ghabháltas a bhfuil riosca rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leis. Ba cheart an ceanglas allmhairiúcháin nua sin a fheiceáil i ndeimhniú caighdeánach nua sonrach le haghaidh na n-ainmhithe sin dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403. Dá réir sin, is gá Airteagal 14 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(6) Ina theannta sin, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an gceanglas nua allmhairiúcháin a leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ach maidir le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a thagann ó ghabháltais sa Bhreatain Mhór, is gá úsáid an deimhnithe chaighdeánaigh nua a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a theorannú don Bhreatain Mhór, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403. Dá bhrí sin, is gá na hiontrálacha maidir leis an Ríocht Aontaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 agus (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 mar a leanas:

(1) in Airteagal 14, cuirtear an pointe (m) seo a leanas leis:

"(m) OV/CAP-X-NI arna dhréachtú i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach i gCaibidil 4a d'Iarscríbhinn II, maidir le hainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór go dtí an 31 Nollaig 2024.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) 2022/175 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha allmhairiúcháin le haghaidh gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a bhfuil sé beartaithe iad a phórú ón mBreatain Mhór isteach i dTuaisceart Éireann (IO L 29, 10.2.2022, lch. 1).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 mar a leanas:

(1) sa tábla ina liostaítear na deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na dearbhuithe sláinte ainmhithe/oifigiúla maidir le teacht isteach san Aontas agus le hiompar tríd an Aontas, sa roinn le haghaidh crúbach, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis na hiontrála "OV/CAP-X":

| | |
|---|---|
| "OV/CAP-X-NI | Caibidil 4a: Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil caighdeánach maidir le hainmhithe den chineál caorach agus le hainmhithe den chineál gabhair teacht isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór is infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2024"; |

(2) cuirtear isteach an Chaibidil 4a seo a leanas idir Caibidlí 4 5:

"CAIBIDIL4A

**DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE hAINMHITHE DEN CHINEÁL CAORACH AGUS LE hAINMHITHE DEN CHINEÁL GABHAIR TEACHT ISTEACH I dTUAISCEART ÉIREANN ÓN mBREATAIN MHÓR IS INFHEIDHME GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2024 (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH 'OV/CAP-X-NI')**

| **TÍR** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh an Aontais Eorpaigh** | | |
| **CUID I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht** | **I.1** | **Coinsíneoir/Onnmhaireoir**<br>Ainm<br>Seoladh<br>Tír — Cód tíre ISO | **I.2** | **Tagairt an deimhnithe** | **I.2a** **Tagairt CBFRO** |
| | | | **I.3** | **Údarás Inniúil Lárnach** | **CÓD QR** |
| | | | **I.4** | **Údarás Inniúil Áitiúil** | |
| | **I.5** | **Coinsíní/Allmhaireoir**<br>Ainm<br>Seoladh<br>Tír — Cód tíre ISO | **I.6** | **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht**<br>Ainm<br>Seoladh<br>Tír — Cód tíre ISO | |
| | **I.7** | **An tír thionscnaimh** — Cód tíre ISO<br>AN RÍOCHT AONTAITHE (AN BHREATAIN MHÓR) — GB | **I.9** | **An tír chinn scríbe** — Cód tíre ISO<br>AN RÍOCHT AONTAITHE (TUAISCEART ÉIREANN) — XI | |
| | **I.8** | **An réigiún tionscnaimh** — Cód | **I.10** | **An réigiún cinn scríbe** — Cód | |
| | **I.11** | **Áit seolta**<br>Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa<br>Seoladh<br>Tír — Cód tíre ISO<br>AN RÍOCHT AONTAITHE (AN BHREATAIN MHÓR) — GB | **I.12** | **Ceann scríbe**<br>Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa<br>Seoladh<br>Tír — Cód tíre ISO<br>AN RÍOCHT AONTAITHE (TUAISCEART ÉIREANN) — XI | |
| | **I.13** | **Áit luchtaithe** | **I.14** | **Dáta agus am imeachta** | |
| | **I.15** | **Modh iompair**<br>☐ Aerárthach ☐ Soitheach<br>☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair<br>Aitheantas | **I.16** | **Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach** | |
| | | | **I.17** | **Doiciméid tionlacain**<br>Saghas — Cód<br>Tír: — Cód tíre ISO<br>Tagairt doiciméid tráchtála | |
| | **I.18** | **Coinníollacha iompair** | ☐ Comhthimpeallach | ☐ Fuaraithe | ☐ Reoite |
| | **I.19** | **Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala**<br>Uimh. an choimeádáin | Uimhir shéala | | |
| | **I.20** | **Deimhnithe mar nó le haghaidh**<br>☐ Le coimeád thairis sin<br>☐ Sorcas taistil/seónna ainmhí<br>☐ Bunaíocht choraintín ☐ Taispeántas | | | |
| | **I.21** | **☐ Le haghaidh iompair**<br>Tríú tír — Cód tíre ISO | **I.22** | **☐Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh** | |
| | | | **I.23** | | |

| I.24 | Líon iomlán pacáistí | | | I.25 | Cainníocht iomlán | I.26 | Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **I.27** | **Tuairisc ar an gcoinsíneacht** | | | | | | | | |
| Cód AC | Speicis | Fospeiceas/Catagóir | | Inscne | Córas aitheantais | Uimhir aitheantais | | Aois | Cainníocht |
| | | | | | | | | | |

**TÍR** **Deimhniú caighdeánach OV/CAP-X-NI**

**CUID II: Deimhniú**

| II. Faisnéis sláinte | II.a Tagairt an deimhnithe | II.b Tagairt CBFRO |
|---|---|---|

**II.1. Fianú sláinte poiblí**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.1.1. ní bhfuair siad:

— aon substaint stilbéine ná thíreastatach,

— substaintí éastraigineacha, andraigineacha, gaistigineacha nó béite-agónaí chun críoch eile seachas cóireáil theiripeach nó zóiteicniúil (mar a shainmhínítear i dTreoir 96/22/CE ón gComhairle);

II.1.2. go gcomhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle, agus liostaítear na hainmhithe lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

**II.2. Fianú sláinte ainmhithe**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m'ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hainmhithe ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. go dtagann siad ón gcrios a bhfuil an cód seo a leanas aige: __ __ - __[2] dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún:

II.2.2. gur fhan siad ar bhonn leanúnach:

(i) sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus

(ii) sa bhunaíocht tionscnaimh ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas, ar bunaíocht í nár tugadh isteach le linn na tréimhse sin aon ainmhí den chineál caorach agus den chineál gabhair ná aon ainmhí de speicis eile a liostaítear maidir leis na galair chéanna le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair.

II.2.3. nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe a raibh stádas sláinte níos ísle acu ó rugadh iad nó ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.4. nach bhfuil siad le marú faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus galair atá ag teacht chun cinn.

[1] *cibé acu* [II.2.5. gur seoladh iad go díreach ón mbunaíocht tionscnaimh chuig an Aontas gan dul trí aon bhunaíocht eile].

[1] *nó* [II.2.5. go ndeachaigh siad faoi aon oibríocht chruinnithe amháin sa chrios tionscnaimh lena gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) rinneadh an oibríocht chruinnithe i mbunaíocht:

(i) atá formheasta ag an údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch oibríochtaí cruinnithe a dhéanamh ar chrúbacha i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún;

(ii) ag a bhfuil uimhir formheasa uathúil arna sannadh ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche;

(iii) atá liostaithe chun na críche sin ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche seolta, lena n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035;

(iv) a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(b) níor mhair an oibríocht chruinnithe sa lárionad tionóil níos faide ná 6 lá.]

II.2.6. nár díluchtaíodh iad in aon áit nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe II.2.11. ó nuair a seoladh iad óna mbunaíocht tionscnaimh go dtí gur luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas agus nach raibh siad i dteagmháil le hainmhithe a bhfuil stádas sláinte níos ísle acu le linn na tréimhse sin.

II.2.7. gur luchtaíodh iad lena seoladh chuig an Aontas an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[3] i gcóir iompair a glanadh agus a díghalraíodh, sular luchtaíodh iad, le díghalrán atá údaraithe ag an údarás inniúil sa tríú tír nó sa chríoch agus a tógadh ar bhealach:

(i) nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach;

(ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair nó beatha uathu a chosc nó a íoslaghdú.

II.2.8. go ndearnadh cigireacht chliniciúil orthu laistigh den tréimhse 24 uair an chloig sular luchtaíodh lena seoladh chuig an Aontas iad, arna ndéanamh ag tréidlia oifigiúil sa tríú tír nó sa chríoch thionscnaimh, agus níor braitheadh comharthaí atá ina léiriú ar ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus na galair atá ag teacht chun cinn;

II.2.9. nár vacsaíníodh iad in aghaidh na nithe seo a leanas:

(i) an galar crúibe is béil, ionfhabhtú le heipitíteas eansótach, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach nó bolgach gabhar, pliúrainiúmóine tógálach den chineál gabhair, *Mycobacterium tuberculosis complex* (*M.bovis*, *M.caprae* agus *M.tuberculosis*) ná ionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, ná

(ii) ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) le vacsaín bheo sa tréimhse 60 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.

II.2.10. go dtagann siad ó chrios:

II.2.10.1. inarb amhlaidh:

(i) nár tuairiscíodh an galar crúb is béil ann:

*cibé acu* [ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad roimh dháta a seolta chuig an Aontas][1]

*nó* [ó bhí__/__/____ (ll/mm/bbbb) ann] [1][4]

(ii) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair crúb agus béil ann ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, agus nár tugadh isteach aon ainmhí atá vacsaínithe in aghaidh an ghalair crúb agus béil le linn na tréimhse sin.

II.2.10.2. nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas phlá na mbó, ionfhabhtú le heipitíteas eansótach, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach nó bolgach gabhar ná pliúrainiúmóine tógálach den chineál gabhair ar feadh 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus le linn na tréimhse sin:

(i) nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin, agus

(ii) nár tugadh isteach ainmhithe a vacsaíníodh in aghaidh na ngalar sin.

*cibé acu* [II.2.10.3. atá saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga séiritíopaí 1-24)][1][5]

*nó* [II.2.10.3. a bhfuil saoire shéasúrach aici ón víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):

*cibé acu* [II.2.10.3.1. [ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][1][6]

*nó* [II.2.10.3.1. ar feadh 28 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus gur cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 9, pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a raibh torthaí diúltacha ar an tástáil sin, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 28 lá ar a laghad tar éis dháta iontrála an ainmhí sa chrios lena mbaineann saoirse shéasúrach.] [1][6]

*nó* [II.2.10.3.1. ar feadh 14 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus go ndearnadh tástáil PCR orthu, agus a raibh torthaí diúltacha ar an tástáil sin, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh 14 lá ar a laghad tar éis dháta iontrála an ainmhí sa chrios lena mbaineann saoirse shéasúrach.] [1][6]

*nó* [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus tá na hainmhithe vacsaínithe in aghaidh gach séiritíopa (1 go 24) den víreas gormtheanga a tuairiscíodh le 2 bhliain anuas sa chrios sin agus tá siad fós laistigh den tréimhse imdhíonachta a ráthaítear i sonraíochtaí na vacsaíne, agus

*cibé acu* [II.2.10.3.1. gur vacsaíníodh iad níos mó ná 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

*nó* [II.2.10.3.1. gur vacsaíníodh iad le vacsaín dhíghníomhaithe agus gur cuireadh faoi thástáil PCR, lenar bhain torthaí diúltacha ar shamplaí a bailíodh14 lá ar a laghad tar éis thús na cosanta imdhíonachta a leagtar síos i sonraíochtaí na vacsaíne.]][(1)]

*nó* [II.2.10.3. nach bhfuil saor ó ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil shéireolaíoch, lenar bhain toradh deimhneach, is féidir antasubstaintí sonracha a bhrath in aghaidh na séiritíopaí uile (1 go 24) den víreas gormtheanga a tuairiscíodh le 2 bhliain anuas sa chrios sin, agus:

*cibé acu* [II.2.10.3.1. go ndearnadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí a bailíodh ar a laghad 60 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

*nó* [II.2.10.3.1. go ndearnadh an tástáil shéireolaíoch ar shamplaí a bailíodh ar a laghad 30 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus cuireadh na hainmhithe faoi thástáil PCR, lenar bhain torthaí diúltacha, arna déanamh ar shamplaí a bailíodh tráth nach luaithe ná 14 lá roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.]][(1)]

II.2.11. go dtagann siad ó bhunaíocht:

II.2.11.1. atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun ar feadh 3 bliana ar a laghad maidir le:

(i) speicis, catagóirí, líon agus sainaithint na n-ainmhithe ar an mbunaíocht;
(ii) gluaiseachtaí ainmhithe isteach sa bhunaíocht agus amach aisti;
(iii) mortlaíocht sa bhunaíocht.

II.2.11.2. ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gur ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.

II.2.11.3. nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

II.2.11.4. nár tuairiscíodh timpeall uirthi, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann do na galair liostaithe seo a leanas sna 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas: an galar crúibe is béil, ionfhabhtú le heipitíteas eansótach, ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, bolgach caorach nó bolgach gabhar agus pliúrainiúmóine tógálach den chineál gabhair.

*cibé acu* [II.2.11.5. nár tuairiscíodh timpeall uirthi, i limistéar dar ga 150 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann do ghalar fuilreatha eipeasótach sa 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas] [(1)]

*nó* [II.2.11.5. atá suite i gcrios atá saor go séasúrach ón ngalar fuilreatha eipeasótach.][(1)(7)]

*cibé acu* [II.2.11.6. nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis complex (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) le linn 42 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas][(1)(8)]

*nó* [II.2.11.6. atá faoi réir faireachais chun ionfhabhtú *Mycobacterium tuberculosis complex (M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) a bhrath i gcomhréir leis na nósanna imeachta i gCuid 1, pointe (1) agus pointe (2), d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún le linn na tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus, le linn na tréimhse sin:

(i) níor tugadh isteach sa bhunaíocht ach ainmhithe den chineál gabhair ó na bunaíochtaí sin a chuireann an faireachas sin i bhfeidhm;

(ii) sa chás gur tuairiscíodh ionfhabhtú le *Mycobacterium tuberculosis complex* (*M.bovis, M.caprae* agus *M.tuberculosis*) in ainmhithe den chineál caorach a choimeádtar ar an mbunaíocht, glacadh bearta i gcomhréir le Cuid 1, pointe (3), d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688].[(1)(9)]

II.2.11.7. atá saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* a mhéid a bhaineann le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair[(10)]; agus

*cibé acu* [II.2.11.7.1. i gcrios atá saor ón ngalar a mhéid a bhaineann le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair i gcás nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin] [(1)(11);]

*nó* [II.2.11.7.1. rinneadh tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi ar na hainmhithe le ceann de na modhanna diagnóiseacha dá bhforáiltear in Airteagal 9, pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 chun ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. Suis* a bhrath, ar shampla a glacadh le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas, agus i gcás baineannaigh iarthuismidh, rinneadh an tástáil ar shampla a glacadh 30 lá ar a laghad tar éis na breithe][(1)]

*nó* [II.2.11.7.1. tá na hainmhithe níos óige ná 6 mhí d'aois;][(1)]

*nó* [II.2.11.7.1. rinneadh coilleadh ar na hainmhithe][(1)].

II.2.11.8. nár tuairiscíodh confadh inti ar feadh 30 lá ar a laghad roimh sheoladh na n-ainmhithe chuig an Aontas;

II.2.11.9. nár tuairiscíodh antrasc inti ar feadh tréimhse 15 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas;

*cibé acu* [II.2.11.10. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosomaevansi*) inti le 2 bhliain ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.] [(1)]

*nó* [II.2.11.10. nár tuairiscíodh surra (*Trypanosomaevansi*) inti le 30 lá ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas agus, nuair a tuairiscíodh an galar sa bhunaíocht tionscnaimh le linn an 2 bhliain roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas, lean an bhunaíocht de bheith faoi shrianta go dtí gur baineadh na hainmhithe a bhí ionfhabhtaithe ón mbunaíocht agus gur cuireadh na hainmhithe a bhí fágtha sa bhunaíocht faoi thástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi chun surra (*Trypanosoma evansi*) a bhrath mar a thugtar tuairisc air in Airteagal 9, pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus a ndearnadh ar shamplaí a glacadh ar a laghad 6 mhí tar éis do na hainmhithe ionfhabhtaithe a bheith bainte ón an mbunaíocht.] [(1)]

[II.2.11.11. nár tuairiscíodh *Burkholderia mallei* (fothach) ar feadh 6 mhí ar a laghad roimh dháta seolta na n-ainmhithe chuig an Aontas.][(9)]

[II.2.12. go gcuimsítear fireannaigh neamhchoillte d'ainmhithe den chineál caorach, ar ainmhithe iad a d'fhan ar feadh tréimhse leanúnach 60 lá ar a laghad roimh a seoladh chuig an Aontas i mbunaíocht nár tuairiscíodh ionfhabhtú le *Brucella ovis* (eipididimíteas caorach) inti le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta a seolta chuig an Aontas agus ar cuireadh faoi thástáil shéireolaíoch iad chun *Brucella ovis* a bhrath, tástáil a raibh torthaí diúltacha uirthi, le linn na 30 lá roimh dháta a seolta chuig an Aontas.] [(1)]

II.2.13. go gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas maidir leis an scráibeach chlasaiceach:

II.2.13.1. coimeádtar ar bhonn leanúnach sa Bhreatain Mhór iad ó rugadh iad, áit ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is galar infhógartha í an scráibeach chlasaiceach;

(b) tá córas feasachta, faireachais agus faireacháin i bhfeidhm;

(c) maraítear agus scriostar ina n-iomláine na hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair a bhfuil an scráibeach chlasaiceach orthu;

(d) tá toirmeasc ar mhin feola agus cnámh nó geirdheascadh de bhunadh na n-ainmhithe athchogantacha a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, agus cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach é sin sa tír ar fad ar feadh na 7 mbliana dheireanacha ar a laghad, agus

II.2.13.2. is ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair iad a bhfuil sé beartaithe iad a phórú agus a allmhairítear isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór go dtí an 31 Nollaig 2024, agus tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais:

(a) nár forchuireadh aon srian oifigiúil ar ghluaiseacht orthu de bharr ESB nó de bharr na scráibí clasaicí le 3 bliana anuas; agus

(b) a bhfuil iarratas curtha isteach acu, roimh an 1 Eanáir 2022, ar an scéim oifigiúil chun aitheantas a thabhairt do ghabháltais a bhfuil riosca rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leo i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Caibidil A, Roinn A, pointe 1.3, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i bpointí (a) go (i) den Iarscríbhinn sin tráth a n-allmhairithe go Tuaisceart Éireann.]

**Nótaí:**

Tá an deimhniú seo beartaithe le haghaidh ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach san Aontas

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí don Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Déanfar an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil sin a chomhlánú i gcomhréir leis na nótaí a bhaineann le comhlíonadh na ndeimhnithe dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún.

**CUID I:**

Tagairt bosca I.27: 'Córas aitheantais agus uimhir aitheantais': Sonraigh córas aitheantais (amhail clib cluaise, tatú, trasfhreagróir etc., ón liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035) agus cóid aitheantais aonair na n-ainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

**CUID II:**

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Dáta an luchtaithe: ní mór nach dáta é atá níos luaithe ná dáta údaraithe an chreasa maidir le teacht isteach san Aontas, nó i dtréimhse a raibh bearta srianta i bhfeidhm ag an Aontas lena linn in aghaidh theacht isteach na n-ainmhithe seo ón gcrios sin.

(4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcomhréir le colún 8 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(5) I gcás criosanna a bhfuil BTV luaite leo i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(6) I gcás criosanna a bhfuil SF-BTV luaite leo i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(7) I gcás criosanna a bhfuil SF-EHD luaite leo i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

| | |
|---|---|
| | (8) I gcás ainmhithe den chineál caorach amháin.<br>(9) I gcás ainmhithe den chineál gabhair amháin.<br>(10) I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.<br>(11) Criosanna a bhfuil BRU luaite leo le haghaidh ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair i gcolún 7 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. |
| | **Tréidlia oifigiúil**<br>Ainm (i gceannlitreacha)<br>Dáta Cáilíocht agus teideal<br>Stampa Síniú". |

*IARSCRÍBHINN II*

I gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh na Ríochta Aontaithe:

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| "**GB** an Ríocht Aontaithe | GB-1 | Bó-ainmhithe | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] agus a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | BOV-X, BOV-Y | | BRU, BTV, EBL, EVENTS | | |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] agus a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | OV/CAP-X, OV/CAP-X-NI ([1]) OV/CAP-Y | | BRU, BTV, EVENTS | | |
| | | Muc-ainmhithe | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] agus a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | SUI-X, SUI-Y | | ADV | | |
| | | Ainmhithe den chineál camaill | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] | CAM-CER | | BTV | | |
| | | Ainmhithe den chineál fia | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] | CAM-CER | | BTV | | |
| | | Crúbacha eile | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] | RUM, RHINO, HIPPO | | BTV[2] | | |
| | GB-2 | Bó-ainmhithe | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] agus a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | BOV-X, BOV-Y | | BRU, TB, BTV, EBL, EVENTS | | |
| | | Ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] agus a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | OV/CAP-X, OV/CAP-X-NI ([1]) OV/CAP-Y | | BRU, BTV, EVENTS | | |
| | | Muc-ainmhithe | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] agus a bhfuil sé beartaithe iad a mharú | SUI-X, SUI-Y | | ADV | | |
| | | Ainmhithe den chineál camaill | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] | CAM-CER | | BTV | | |
| | | Ainmhithe den chineál fia | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] | CAM-CER | | BTV | | |
| | | Crúbacha eile | Ainmhithe atá le coimeád a thuilleadh[1] | RUM, RHINO, HIPPO | | BTV[2] | | |

([1]) Níl feidhm ag OV/CAP-X-NI ach amháin maidir le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair teacht isteach i dTuaisceart Éireann ón mBreatain Mhór go dtí an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir le hAirteagal 14, pointe (m), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún".

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/251 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Iúil 2003, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh don Chugas Theas.

(2) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2071 [1] lena gceaptar Toivo KLAAR mar ISAE don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia. Cuireadh síneadh as a chéile le sainordú ISAE, an ceann is déanaí le Cinneadh (CBES) 2021/285 ón gComhairle [2] agus tá sé le dul in éag an 28 Feabhra 2022.

(3) Ba cheart síneadh a chur le sainordú ISAE go ceann tréimhse 6 mhí breise, agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2022.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Cuirtear síneadh le sainordú Toivo KLAAR mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (Cugas Theas) go dtí an 31 Lúnasa 2022. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí)";

---

[1] Cinneadh (CBES) 2017/2071 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 lenar gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 295, 14.11.2017, lch. 55).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/285 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 62, 23.2.2021, lch. 51).

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

“Is é EUR 1 462 000 an méid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2022 a chumhdach.”;

(3) in Airteagal 14, an chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

“Tíolacfaidh ISAE tuarascálacha rialta ar an dul chun cinn chuig an gComhairle, an tArdionadaí agus an Coimisiún agus tíolacfaidh sé tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe chucu faoin 31 Bealtaine 2022.”.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/252 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Feabhra 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 chun na ceanglais tástála a shonrú atá le cur i bhfeidhm maidir le mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta atá comhtháite sa chásáil tras-seolta agus atá cumaiscthe le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Bealtaine 2021, chuir an soláthróir ZF Friedrichshafen AG ("an tIarratasóir") iarratas isteach ar fhormheas, mar theicneolaíocht nuálach, ar theicneolaíocht a úsáidtear i mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC lena úsáid i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha agus feithiclí tráchtála éadroma le luchtú neamhsheachtrach (NOVC-HEVanna) áirithe.

(2) Maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear i mótar-ghineadóirí 48 Volta éifeachtúla le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC lena n-úsáid sa chineál céanna NOVC-HEVanna dá dtagraítear ag an Iarratasóir, tá sí formheasta mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Is éard atá sa teicneolaíocht atá sonraithe ag an Iarratasóir ina iarratas mótar-ghineadóir atá ceangailte go díreach leis an seafta ionchuir tras-seolta, i.e. "gineadóir dúisire comhtháite", rud a fhágann gur féidir na caillteanais mheicniúla a tharlaíonn idir an fhoinse tiomána agus an gineadóir a laghdú. Oibríonn sé i raon luais an innill dócháin inmheánaigh amháin.

(4) Fuarthas go soláthraíonn an teicneolaíocht atá sonraithe ag an Iarratasóir leibhéal ard éifeachtúlachta, agus ba cheart a mheas go soláthraíonn sí an fheidhmiúlacht chéanna a formheasadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur teicneolaíocht nuálach í ar féidir cód 32 na héiceanuálaíochta a chur i bhfeidhm maidir léi.

(5) Tá feidhm ag an modheolaíocht tástála a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167, cé is moite de na minicíochtaí rothlacha agus minicíochtaí na bpointí oibriúcháin a úsáidfear chun éifeachtúlacht an mhótar-ghineadóra a thomhas, ar gá iad a oiriúnú i bhfianaise shaintréithe teicniúla sonracha na teicneolaíochta arna sonrú ag an Iarratasóir.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an mhodheolaíocht tástála a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 a mhodhnú dá réir,

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2020 maidir le formheas na teicneolaíochta a úsáidtear i mótar-ghineadóir éifeachtúil 48 Volta atá cumaiscthe le tiontaire 48 Volta/DC 12 Volta/DC lena húsáid i ngnáthinneall dócháin agus i ngluaisteáin paisinéirí hibrideacha leictreacha áirithe agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma mar theicneolaíocht nuálach de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 7.8.2020, lch. 15).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1167 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 2.1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír agus an tríú mír:

"Cuirfidh an monaróir fianaise ar fáil don údarás cineálcheadaithe gur ionann raonta minicíochta an mhótar-ghineadóra 48V agus na raonta minicíochta atá leagtha amach i dTábla 1 nó i dTábla 1a nó go bhfuil siad coibhéiseach leis na raonta sin.

Cinnfear éifeachtúlacht an mhótar-ghineadóra 48V ar bhonn na dtomhas ag gach ceann de na pointí oibriúcháin atá liostaithe i dTábla 1 nó i dTábla 1a."

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach mar chúigiú fomhír:

"I gcás ina bhfuil an mótar-ghineadóir feistithe i ngluaisteáin paisinéirí nó i bhfeithiclí tráchtála éadroma a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(a)(ii), agus i gcás ina bhfuil sé ceangailte go díreach leis an seafta ionchuir tras-seolta, i.e. mar ghineadóir dúisire comhtháite, socrófar na minicíochtaí rothlacha agus minicíochtaí na bpointí oibriúcháin i gcomhréir le Tábla 1a."

(c) cuirtear an Tábla 1a seo a leanas isteach i ndiaidh Thábla 1:

*"Tábla 1a*

**Pointí oibriúcháin**

| Pointe oibriúcháin<br>i | Am coinneála<br>[s] | Minicíocht rothlach<br>$n_i$ [$min^{-1}$] | Minicíocht na bpointí oibriúcháin<br>$h_i$ |
|---|---|---|---|
| 1 | 1 200 | 950 | 0,30 |
| 2 | 1 200 | 1 250 | 0,50 |
| 3 | 600 | 1 550 | 0,16 |
| 4 | 300 | 1 850 | 0,04" |

# GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## MOLADH Uimh. 1/2022 Ó CHOMHCHOISTE AE-EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE

**an 31 Eanáir 2022**

**lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne [2022/253]**

TÁ COMHCHOISTE AE-EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile ("an Comhaontú Eatramhach Comhlachais") síníodh é an 24 Feabhra 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1997.

(2) De bhun Airteagal 63 den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais, tá an chumhacht ag an gComhchoiste cinntí a ghlacadh agus moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) Déantar foráil le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste maidir leis an bhféidearthacht cinntí nó moltaí a ghlacadh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin má chomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

(4) Leis an síneadh 3 bliana a chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne beidh deis ag na Páirtithe an comhar eatarthu a fhorbairt sna blianta amach rompu, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh ar thosaíochtaí comhpháirtíochta,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A LEANAS A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Molann an Comhchoiste, ag gníomhú dó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, síneadh 3 bliana a chur le Plean Gníomhaíochta AE – Údarás na Palaistíne amhail ó dháta glactha an Mholta seo.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an Moladh seo ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Eanáir 2022.

*Thar ceann Comhchoiste AE-Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne*

*An Cathaoirleach*

Estephan SALAMEH

([1]) IO L 187, 16.7.1997, lch. 3

## CEARTÚCHÁIN

### Ceartúchán ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 328 an 21 Nollaig 2018)*

Ar leathanach 139, Airteagal 35(3):

*in ionad:* "3. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 7(3) don Choimisiún go ceann tréimhse dhá bliain ón 24 Nollaig 2018.",

*léitear:* "3. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 7(3) don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2021.".

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA